2025/37

15.1.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/37 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 19 Nollaig 2024

lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/881 a mhéid a bhaineann le seirbhísí slándála bainistithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), cuirtear creat ar bun chun scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a bhunú chun leibhéal leormhaith cibearshlándála a áirithiú le haghaidh táirgí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC), seirbhísí TFC agus próisis TFC san Aontas, agus chun ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint maidir le scéimeanna um dheimhniú cibearshlándála san Aontas.

(2) Chun athléimneacht an Aontais in aghaidh cibirionsaithe a áirithiú agus chun aon leochaileachtaí sa mhargadh inmheánach a chosc, tá sé beartaithe leis an Rialachán seo go gcomhlánófar an creat rialála cothrománach lena mbunaítear ceanglais chuimsitheacha chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha de bhun Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) trí fhoráil a dhéanamh maidir le cuspóirí slándála le haghaidh seirbhísí slándála bainistithe chomh maith le cur i bhfeidhm agus iontaofacht na seirbhísí sin.

(3) Soláthraíonn soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe mar a shainmhínítear in Airteagal 6, pointe (40), de Threoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) seirbhísí slándála bainistithe. Dá bhrí sin, ba cheart an sainmhíniú ar sheirbhísí slándála bainistithe sa Rialachán seo a bheith comhsheasmhach leis an sainmhíniú ar sholáthraithe seirbhísí slándála bainistithe i dTreoir (AE) 2022/2555. Is é atá i gceist leis na seirbhísí sin gníomhaíochtaí a bhaineann le bainistiú riosca cibearshlándála a gcustaiméirí a dhéanamh, nó cúnamh a thabhairt do na gníomhaíochtaí sin, agus tá tábhacht mhéadaitheach ag baint leo i ndáil le teagmhais a chosc agus a mhaolú. Dá réir sin, meastar gur eintitis fhíor-riachtanacha nó thábhachtacha iad soláthraithe na seirbhísí sin a bhaineann le hearnáil ardchriticiúlachta de bhun Threoir (AE) 2022/2555. Mar a luaitear in aithris 86 den Treoir sin, tá tábhacht ar leith leis an ról atá ag soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe i réimsí amhail freagairt ar theagmhais, tástáil treáite, iniúchtaí slándála agus an chomhairleoireacht chun cúnamh a thabhairt d'eintitis lena n-iarrachtaí teagmhais a chosc agus a bhrath, freagairt dóibh nó téarnamh uathu. Mar sin féin, díríodh cibirionsaithe freisin ar sholáthraithe seirbhísí slándála bainistithe agus, mar gheall ar a ndlúth-chomhtháthú in oibríochtaí a gcustaiméirí, tá riosca ar leith ag baint leo. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go mbeadh eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha de réir bhrí Threoir (AE) 2022/2555 níos dícheallaí agus soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe á roghnú acu.

([1]) IO C 349, 29.9.2023, lch. 167.

([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Aibreán 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 2 Nollaig 2024.

([3]) Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) (IO L 151, 7.6.2019, lch. 15).

([4]) Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013 agus (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Chibear-Athléimneacht) (IO L, 2024/2847, 20.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2847/oj).

([5]) Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (an Dara Treoir NIS) (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80).

(4) Áirítear sa sainmhíniú ar sheirbhísí slándála bainistithe faoin Rialachán seo liosta neamh-uileghabhálach de sheirbhísí slándála bainistithe a d'fhéadfadh cáiliú do scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála, amhail láimhseáil teagmhas, tástáil treáite, iniúchtaí slándála, agus comhairliúchán a bhaineann le tacaíocht theicniúil. Le seirbhísí slándála bainistithe, d'fhéadfaí seirbhísí cibearshlándála a chuimsiú a thacaíonn leis an ullmhacht do theagmhais, le teagmhais a chosc, a bhrath, a anailísiú agus a mhaolú, leis an bhfreagairt orthu agus le téarnamh uathu. D'fhéadfadh soláthar faisnéise cibearbhagairtí agus measúnú riosca a bhaineann le tacaíocht theicniúil cáiliú mar sheirbhísí slándála bainistithe freisin. D'fhéadfadh scéimeanna Eorpacha ar leithligh um dheimhniú cibearshlándála le haghaidh seirbhísí slándála bainistithe éagsúla a bheith ann. Sna deimhnithe Eorpacha cibearshlándála arna n-eisiúint i gcomhréir le scéimeanna den sórt sin, ba cheart tagairt a dhéanamh do sheirbhísí slándála bainistithe sonracha de chuid soláthraí sonrach de na seirbhísí sin.

(5) Is féidir le soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe ról tábhachtach a bheith acu freisin maidir le gníomhaíochtaí de chuid an Aontais lena dtacaítear le freagairt agus téarnamh tosaigh i gcásanna teagmhas suntasach agus teagmhas cibearshlándála mórscála, ag brath ar sheirbhísí ó sholáthraithe príobháideacha iontaofa agus ar thástáil eintiteas criticiúil le haghaidh leochaileachtaí féideartha bunaithe ar mheasúnuithe riosca slándála comhordaithe ar leibhéal an Aontais. D'fhéadfadh sé go mbeadh ról ag deimhniú seirbhísí slándála bainistithe i roghnú soláthraithe iontaofa seirbhísí slándála bainistithe mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2025/38 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]).

(6) Ní hamháin go bhfuil deimhniú seirbhísí slándála bainistithe ábhartha sa phróiseas roghnúcháin do Chúltaca Cibearshlándála an Aontais a bunaíodh le Rialachán (AE) 2025/38 ach is táscaire cáilíochta riachtanach é freisin le haghaidh eintitis phríobháideacha agus phoiblí a bhfuil sé beartaithe acu seirbhísí den sórt sin a cheannach. I bhfianaise chriticiúlacht na seirbhísí slándála bainistithe agus íogaireacht na sonraí a phróiseáiltear, d'fhéadfaí treoraíocht thábhachtach agus dearbhú tábhachtach maidir le hiontaofacht na seirbhísí sin a sholáthar do chustaiméirí ionchasacha leis an deimhniú. Le scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála le haghaidh seirbhísí slándála bainistithe, tá sé beartaithe go rannchuideofar le hilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint. Dá bhrí sin, tá sé d'aidhm ag an Rialachán seo feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú.

(7) Maidir le scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála le haghaidh seirbhísí slándála bainistithe, ba cheart glacadh na seirbhísí sin agus iomaíocht mhéadaithe idir soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe a bheith mar thoradh ar na scéimeanna sin. Gan dochar don chuspóir a áirithiú go bhfuil leibhéil leordhóthanacha agus iomchuí eolais theicniúil ábhartha agus ionracais ghairmiúil ábhartha ag soláthraithe den sórt sin, ba cheart do scéimeanna den sórt sin um dheimhniú, dá bhrí sin, iontráil sa mhargadh agus tairiscint seirbhísí slándála bainistithe a éascú trí shimpliú a dhéanamh, a mhéid is féidir, ar an ualach rialála, riaracháin agus airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ar sholáthraithe, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), lena n-áirítear micrifhiontair, agus seirbhísí slándála bainistithe á dtairiscint acu. Ina theannta sin, chun glacadh seirbhísí slándála bainistithe a spreagadh agus an t-éileamh orthu a spreagadh, ba cheart do na scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála rannchuidiú lena n-inrochtaineacht, go háirithe le haghaidh gníomhaithe beaga, amhail FBManna, lena n-áirítear micrifhiontair, chomh maith le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a bhfuil acmhainneacht theoranta agus acmhainní teoranta acu, ach a bhíonn níos mó i mbaol sáruithe cibearshlándála a bhfuil impleachtaí airgeadais, dlíthiúla, clú agus oibríochtúla acu.

(8) Tá sé tábhachtach tacaíocht a thabhairt do FBManna, lena n-áirítear micrifhiontair, chun an Rialachán seo a chur chun feidhme agus chun na sainscileanna cibearshlándála agus an saineolas cibearshlándála is gá a fháil chun seirbhísí slándála bainistithe a sholáthar atá i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo. Leis an gClár don Eoraip Dhigiteach a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) agus le cláir ábhartha eile de chuid an Aontais, foráiltear gur cheart don Choimisiún tacaíocht airgeadais agus theicniúil a bhunú lena gcuirtear ar chumas na bhfiontar sin rannchuidiú le fás gheilleagar an Aontais agus leibhéal coiteann na cibearshlándála san Aontas a neartú, lena n-áirítear trí chuíchóiriú a dhéanamh ar an tacaíocht airgeadais ón gClár don Eoraip Dhigiteach agus ó chláir ábhartha eile de chuid an Aontais agus trí thacaíocht a thabhairt do FBManna, lena n-áirítear micrifhiontair.

(9) Le scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála le haghaidh seirbhísí slándála bainistithe, ba cheart rannchuidiú le hinfhaighteacht seirbhísí slána ardcháilíochta lena ráthaítear aistriú digiteach sábháilte, agus ba cheart rannchuidiú le baint amach na spriocanna a cuireadh ar bun i gClár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach a bunaíodh le Cinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), go háirithe maidir leis an

([6]) Rialachán (AE) 2025/38 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 maidir le lena leagtar síos bearta chun dlúthpháirtíocht agus acmhainneachtaí a neartú san Aontas chun cibearbhagairtí agus cibirtheagmhais a bhrath agus chun ullmhú dóibh agus freagairt orthu agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/694 (An Gníomh um Chibear-Dhlúthpháirtíocht) (IO L, 2025/38, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/38/oj).

([7]) Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240 (IO L 166, 11.5.2021, lch. 1).

([8]) Cinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach (IO L 323, 19.12.2022, lch. 4).

sprioc go dtosódh 75 % de ghnóthais an Aontais ag baint úsáid as seirbhísí néalríomhaireachta, mórshonraí nó an intleacht shaorga, go mbainfeadh níos mó ná 90 % de FBManna, lena n-áirítear micrifhiontair, bunleibhéal déine digití amach ar a laghad agus go mbeadh príomhsheirbhísí poiblí inrochtana ar líne.

(10) Chomh maith le táirgí TFC, seirbhísí TFC nó próisis TFC a chur in úsáid, soláthraítear gnéithe seirbhíse breise go minic le seirbhísí slándála bainistithe, ar gnéithe iad a bhíonn ag brath ar inniúlachtaí, saineolas agus taithí pearsanra soláthraithe seirbhísí den sórt sin. Ba cheart leibhéal an-ard de na hinniúlachtaí sin, den saineolas sin agus den taithí sin, chomh maith le nósanna imeachta inmheánacha iomchuí, a bheith mar chuid de na cuspóirí slándála chun cáilíocht an-ard de na seirbhísí slándála bainistithe a sholáthraítear a áirithiú. Chun a áirithiú gur féidir gach gné de sheirbhísí slándála bainistithe a chumhdach le scéimeanna tiomnaithe Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála, is gá, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/881 a leasú. Ba cheart torthaí agus moltaí na meastóireachta agus an athbhreithnithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2019/881 a chur san áireamh.

(11) D'fhonn fás margaidh inmheánaigh iontaofa de chuid an Aontais a éascú, agus comhpháirtíochtaí á gcruthú le tríú tíortha atá ar aon intinn leis an Aontas, ba cheart an próiseas deimhniúcháin a bhunaítear laistigh den chreat Eorpach um dheimhniú cibearshlándála dá bhforáiltear le Rialachán (AE) 2019/881 a chur chun feidhme ar bhealach lena n-éascaítear aithint idirnáisiúnta agus ailíniú le caighdeáin idirnáisiúnta.

(12) Tá bearna thallainne roimh an Aontas, arb é is príomhthréith di ganntanas gairmithe oilte, chomh maith le timpeallacht bhagartha atá ag athrú go tapa mar a aithnítear i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2023 dar teideal 'An bhearna thallainne chibearshlándála a dhúnadh chun borradh a chur faoi iomaíochas, fás agus athléimneacht an Aontais ("An tAcadamh Scileanna Cibearshlándála")'. Tá éagsúlacht idir acmhainní oideachais agus cineálacha oiliúna foirmiúla agus is féidir eolas a fháil ar bhealaí éagsúla: ar bhealach foirmiúil, mar shampla tríd an ollscoil nó cúrsaí nó ar bhealach neamhfhoirmiúil, mar shampla trí oiliúint ar an láthair oibre nó taithí oibre sa réimse ábhartha. Dá bhrí sin, chun teacht chun cinn seirbhísí slándála bainistithe ar ardcháilíocht a éascú agus chun forléargas níos fearr a fháil ar chomhdhéanamh lucht saothair cibearshlándála an Aontais, tá sé tábhachtach comhar idir na Ballstáit, an Coimisiún, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2019/881 agus geallsealbhóirí, lena n-áirítear ón earnáil phríobháideach agus ón lucht acadúil, a neartú trí chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a fhorbairt, trí thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh taighde agus nuálaíochta, trí chaighdeáin chomhchoiteanna a fhorbairt agus a aithint go frithpháirteach agus trí scileanna cibearshlándála a dheimhniú, lena n-áirítear tríd an gCreat Eorpach um Scileanna Cibearshlándála. Le comhar den sórt sin, d'éascófaí soghluaisteacht gairmithe cibearshlándála laistigh den Aontas freisin agus d'éascófaí comhtháthú eolais agus oiliúna a bhaineann leis an gcibearshlándáil i gcláir oideachais, agus rochtain ar phrintíseachtaí agus ar chúrsaí oiliúna á háirithiú an tráth céanna do dhaoine óga, lena n-áirítear daoine a bhfuil cónaí orthu i réigiúin faoi mhíbhuntáiste, amhail oileáin, ceantair inar tearc an daonra, ceantair thuaithe agus ceantair iargúlta. Tá sé tábhachtach go mbeadh sé d'aidhm ag comhar den sórt sin níos mó ban agus cailíní a mhealladh sa réimse agus go rannchuideodh sé le haghaidh a thabhairt ar an mbearna idir na hinscní san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic, agus go mbeadh sé d'aidhm ag an earnáil phríobháideach oiliúint ar an láthair oibre a chur ar fáil lena dtugtar aghaidh ar na scileanna is mó atá ar éileamh, agus baint á tabhairt don riarachán poiblí agus do ghnólachtaí nuathionscanta, chomh maith le FBManna, lena n-áirítear micrifhiontair. Tá sé tábhachtach freisin go n-oibreodh soláthraithe agus na Ballstáit i gcomhar le chéile agus go rannchuideoidís le bailiú sonraí a bhaineann leis an staid agus le héabhlóid an mhargaidh saothair cibearshlándála.

(13) Tá ról tábhachtach ag ENISA maidir le scéimeanna iarrthacha Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a ullmhú. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar na hacmhainní buiséadacha is gá le haghaidh phlean bunaíochta ENISA, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2019/881, agus dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais á ullmhú aige.

(14) Déantar foráil sa Rialachán seo maidir le leasuithe spriocdhírithe ar Rialachán (AE) 2019/881 chun bunú scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála le haghaidh seirbhísí slándála bainistithe a éascú. Agus an méid sin á dhéanamh aige, sonraítear agus soiléirítear leis forálacha áirithe den Rialachán sin a bhaineann le hullmhú agus feidhmiú na scéimeanna Eorpacha uile um dheimhniú cibearshlándála d'fhonn a dtrédhearcacht agus a n-oscailteacht a áirithiú. Leis na leasuithe deireanacha sin, atá teoranta do Rialachán (AE) 2019/881 a shonrú nó a shoiléiriú, go háirithe na leasuithe a bhaineann leis an bhfaisnéis atá le soláthar ag ENISA, agus scéim iarrthach á tarchur aige, na meithleacha ad hoc a bhunaítear i gcás gach scéime iarrthaí, agus faisnéis agus comhairliúchán maidir le scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála, níor cheart dochar a dhéanamh, ar bhealach ar bith, don mheastóireacht níos leithne ná don athbhreithniú níos leithne ar an Rialachán sin a cheanglaítear de bhun Airteagal 67 den Rialachán sin, go háirithe an mheastóireacht ar thionchar, éifeachtacht agus éifeachtúlacht an teidil den Rialachán sin a bhaineann leis an gcreat um dheimhniú cibearshlándála. Ba cheart an mheastóireacht agus an t-athbhreithniú maidir leis an teideal sin a bheith bunaithe ar chomhairliúchán leathan leis na geallsealbhóirí agus ar anailís iomlán chríochnúil ar na nósanna imeachta lena mbaineann.

(15) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon bunú scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála le haghaidh seirbhísí slándála bainistithe a éascú, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí an Rialacháin, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(16) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) agus thug an Maoirseoir tuairim an 10 Eanáir 2024,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/881

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/881 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1(1), an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) creat chun scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a bhunú ar mhaithe le leibhéal leormhaith cibearshlándála le haghaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC, agus seirbhísí slándála bainistithe san Aontas a áirithiú, agus chun ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint maidir le scéimeanna um dheimhniú cibearshlándála san Aontas.';

(2) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 9, 10 agus 11:

'(9) ciallaíonn "scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála" tacar cuimsitheach rialacha, ceanglas teicniúil, caighdeán agus nósanna imeachta a bhunaítear ar leibhéal an Aontais agus a bhfuil feidhm acu maidir le deimhniú táirgí TFC sonracha, seirbhísí TFC sonracha, próiseas TFC sonrach nó seirbhísí slándála bainistithe sonracha nó leis an measúnú comhréireachta orthu;

(10) ciallaíonn "scéim náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála" tacar cuimsitheach rialacha, ceanglas teicniúil, caighdeán agus nósanna imeachta a fhorbraíonn agus a ghlacann údarás poiblí náisiúnta agus a bhfuil feidhm acu maidir le deimhniú táirgí TFC, seirbhísí TFC, próiseas TFC nó seirbhísí slándála bainistithe a thagann faoi raon feidhme na scéime sonraí nó leis an measúnú comhréireachta orthu;

(11) ciallaíonn "deimhniú Eorpach cibearshlándála" doiciméad a eisíonn comhlacht ábhartha lena bhfianaítear go bhfuiltear tar éis meastóireacht a dhéanamh ar tháirge TFC ar leith, seirbhís TFC ar leith, próiseas TFC ar leith nó seirbhís slándála bhainistithe ar leith maidir le comhlíonadh na gceanglas slándála sonrach a leagtar síos i scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála;';

(b) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(14a) ciallaíonn "seirbhís slándála bhainistithe" seirbhís a sholáthraítear do thríú páirtí arb é atá i gceist léi gníomhaíochtaí a bhaineann le bainistiú riosca cibearshlándála a dhéanamh, nó cúnamh a thabhairt dóibh, amhail láimhseáil teagmhas, tástáil treáite, iniúchtaí slándála agus comhairliúchán, lena n-áirítear comhairle ó shaineolaithe, a bhaineann le tacaíocht theicniúil;';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 20, 21 agus 22:

'(20) ciallaíonn "sonraíocht theicniúil" doiciméad lena bhforordaítear na ceanglais theicniúla nach mór do tháirge TFC, seirbhís TFC, próiseas TFC nó seirbhís slándála bhainistithe a chomhlíonadh, nó nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a bhaineann leis an méid sin;

([9]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(21) ciallaíonn "leibhéal dearbhúcháin" bonn don mhuinín go gcomhlíontar ceanglais slándála de scéim Eorpach shonrach um dheimhniú cibearshlándála le táirge TFC, seirbhís TFC, próiseas TFC nó seirbhís slándála bhainistithe, agus lena luaitear an leibhéal ag a ndearnadh meastóireacht ar tháirge TFC, seirbhís TFC, próiseas TFC nó seirbhís slándála bhainistithe ach, mar sin, nach ndéantar leis slándáil an táirge TFC, na seirbhíse TFC, an phróisis TFC nó na seirbhíse slándála bainistithe lena mbaineann a thomhas;

(22) ciallaíonn "féinmheasúnú comhréireachta" gníomhaíocht a dhéanann monaróir nó soláthraí táirgí TFC, seirbhísí TFC, próiseas TFC nó seirbhísí slándála bainistithe, lena ndéantar meastóireacht ar cibé an bhfuil na ceanglais i scéim Eorpach shonrach um dheimhniú cibearshlándála á gcomhlíonadh leis na táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC nó seirbhísí slándála bainistithe sin.';

(3) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. Cuirfidh ENISA úsáid an deimhnithe Eorpaigh cibearshlándála chun cinn d'fhonn ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint. Rannchuideoidh ENISA le creat Eorpach um dheimhniú cibearshlándála a bhunú agus a choinneáil ar bun i gcomhréir le Teideal III den Rialachán seo d'fhonn trédhearcacht chibearshlándáil na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC agus na seirbhísí slándála bainistithe a mhéadú agus, ar an gcaoi sin, an mhuinín as an margadh digiteach inmheánach agus a iomaíochas a threisiú.';

(4) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

'1. Déanfaidh ENISA forbairt agus cur chun feidhme bheartas an Aontais maidir le deimhniú cibearshlándála táirgí TFC, seirbhísí TFC, próiseas TFC agus seirbhísí slándála bainistithe, mar a bhunaítear le Teideal III den Rialachán seo, a chur chun cinn agus tacóidh sé leis an méid sin trí na nithe seo a leanas:';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) scéimeanna iarrthacha Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála (scéimeanna iarrthacha) a ullmhú do tháirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe i gcomhréir le hAirteagal 49;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Déanfaidh ENISA treoirlínte a thiomsú agus a fhoilsiú agus dea-chleachtais a fhorbairt, maidir le ceanglais chibearshlándála le haghaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe, i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála agus le hearnáil na tionsclaíochta ar bhealach foirmiúil struchtúrtha trédhearcach.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Éascóidh ENISA bunú agus glacadh caighdeán Eorpach agus idirnáisiúnta i dtaobh bainistiú riosca agus i dtaobh slándáil táirgí TFC, seirbhísí TFC, próiseas TFC agus seirbhísí slándála bainistithe.';

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 46:

'*Airteagal 46*

Creat Eorpach um dheimhniú cibearshlándála

1. Bunófar an creat Eorpach um dheimhniú cibearshlándála chun na dálaí maidir le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú trí leibhéal na cibearshlándála a mhéadú laistigh den Aontas agus trí ligean do chur chuige comhchuibhithe a bheith ann ar leibhéal an Aontais i dtaca le scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála, d'fhonn margadh aonair digiteach a chruthú le haghaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe.

2. Leis an gcreat Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, déanfar foráil maidir le sásra chun scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a bhunú agus chun a fhianú go gcomhlíonann na táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC a ndearnadh meastóireacht orthu i gcomhréir le scéimeanna den sórt sin ceanglais shonraithe slándála chun infhaighteacht, barántúlacht, sláine nó rúndacht sonraí atá stóráilte nó tarchurtha nó próiseáilte nó na bhfeidhmeanna nó na seirbhísí a chuirtear ar fáil leis na táirgí, seirbhísí agus próisis sin, nó atá inrochtana tríothu, a chosaint ar feadh

a saolré. Ina theannta sin, fianófar leis go gcomhlíonann seirbhísí slándála bainistithe a ndearnadh meastóireacht orthu i gcomhréir le scéimeanna den sórt sin ceanglais shonraithe slándála chun infhaighteacht, barántúlacht, sláine agus rúndacht sonraí a chosaint ar sonraí iad a bhfaightear rochtain orthu, a phróiseáiltear, a stóráiltear nó a tharchuirtear maidir le soláthar na seirbhísí sin, agus go soláthraíonn baill foirne a bhfuil leibhéal leordhóthanach agus iomchuí eolais theicniúil ábhartha agus ionracais ghairmiúil ábhartha acu na seirbhísí sin go leanúnach leis an inniúlacht, an saineolas agus an taithí is gá.';

(6) leasaítear Airteagal 47 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Áireofar go háirithe ar chlár oibre rollach an Aontais liosta de tháirgí TFC, de sheirbhísí TFC, de phróisis TFC agus de sheirbhísí slándála bainistithe, nó de chatagóirí díobh sin, atá in ann leas a bhaint as bheith san áireamh i raon feidhme scéime Eorpaí um dheimhniú cibearshlándála.';

(b) leasaítear mír 3 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

'3. Is ar bhonn ceann amháin nó níos mó de na forais seo a leanas a thabharfar údar le táirgí TFC sonracha, seirbhísí TFC sonracha, próisis TFC shonracha, nó seirbhísí slándála bainistithe sonracha, nó catagóirí díobh sin, a áireamh ar chlár oibre rollach an Aontais:'

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) infhaighteacht agus forbairt scéimeanna náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála lena gcumhdaítear catagóir shonrach de tháirgí TFC, de sheirbhísí TFC, de phróisis TFC nó de sheirbhísí slándála bainistithe agus, go háirithe, i dtaca leis an riosca ilroinnte;'

(iii) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(ca) forbairtí teicneolaíocha agus infhaighteacht agus forbairt scéimeanna idirnáisiúnta um dheimhniú cibearshlándála agus caighdeáin idirnáisiúnta agus caighdeáin arna n-úsáid ag earnáil na tionsclaíochta;'

(7) leasaítear Airteagal 49 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 go 4:

'1. Arna iarraidh sin don Choimisiún de bhun Airteagal 48, ullmhóidh ENISA scéim iarrthach a chomhlíonann na ceanglais is infheidhme a leagtar amach in Airteagail 51, 51a, 52 agus 54.

2. Arna iarraidh sin do ECCG de bhun Airteagal 48(2), féadfaidh ENISA scéim iarrthach a ullmhú a chomhlíonann na ceanglais is infheidhme a leagtar amach in Airteagail 51, 51a, 52 agus 54. Má dhiúltaíonn ENISA iarraidh den sórt sin, tabharfaidh sé cúiseanna leis an diúltú sin. Is é an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh aon chinneadh chun iarraidh den sórt sin a dhiúltú.

3. Agus scéim iarrthach á hullmhú aige, rachaidh ENISA i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir go tráthúil trí bhíthin próiseas comhairliúcháin atá foirmiúil, oscailte, trédhearcach agus cuimsitheach. Agus an scéim iarrthach á tarchur aige chuig an gCoimisiún de bhun mhír 6, soláthróidh ENISA faisnéis faoin gcaoi ar chomhlíon sé an mhír seo.

4. I gcás gach scéime iarrthaí, bunóidh ENISA meitheal ad hoc i gcomhréir le hAirteagal 20(4) chun comhairle shonrach agus saineolas sonrach a sholáthar do ENISA. Áireofar ar na meithleacha ad hoc sin, de réir mar is iomchuí agus gan dochar do na nósanna imeachta agus don lánrogha dá bhforáiltear in Airteagal 20(4), saineolaithe ó riaracháin phoiblí na mBallstát, ó institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus ón earnáil phríobháideach.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

'7. Féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn na scéime iarrthaí arna hullmhú ag ENISA, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ndéantar foráil maidir le scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála le haghaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe, scéim lena gcomhlíontar na ceanglais ábhartha a leagtar amach in Airteagail 51, 51a, 52 agus 54. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 66(2).';

(8) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 49a*

Faisnéis agus comhairliúchán maidir leis na scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála

1. Cuirfidh an Coimisiún ar fáil go poiblí an fhaisnéis faoina iarraidh ar ENISA scéim iarrthach a ullmhú nó athbhreithniú a dhéanamh ar scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála atá ann cheana dá dtagraítear in Airteagal 48.

2. Agus scéim iarrthach á hullmhú ag ENISA de bhun Airteagal 49, féadfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle nó an dá institiúid iarraidh ar an gCoimisiún, ina cháil mar chathaoirleach ar ECCG, agus ar ENISA faisnéis ábhartha faoi dhréachtscéim iarrthach a chur i láthair ar bhonn ráithiúil. Arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle, féadfaidh ENISA, i gcomhaontú leis an gCoimisiún agus gan dochar d'Airteagal 27, codanna ábhartha de dhréachtscéim iarrthach a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar bhealach atá iomchuí don leibhéal rúndachta is gá, agus i gcás inarb iomchuí ar bhealach srianta.

3. Chun an t-idirphlé idir institiúidí an Aontais a fheabhsú agus chun rannchuidiú le próiseas comhairliúcháin foirmiúil, oscailte, trédhearcach agus cuimsitheach, féadfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, nó an dá institiúid iarraidh ar an gCoimisiún agus ar ENISA plé a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le feidhmiú scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála le haghaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC nó seirbhísí slándála bainistithe.

4. Agus meastóireacht á déanamh ar an Rialachán seo de bhun Airteagal 67, cuirfidh an Coimisiún san áireamh, i gcás inarb iomchuí, eilimintí a eascraíonn as na tuairimí a chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle in iúl maidir leis na hábhair dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo.';

(9) leasaítear Airteagal 51 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Cuspóirí slándála scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála le haghaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC agus próisis TFC';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

'Déanfar scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála le haghaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC, nó próisis TFC a dhearadh ionas go mbainfear amach ar a laghad na cuspóirí slándála seo a leanas, de réir mar is infheidhme:'

(10) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 51a*

Cuspóirí slándála scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála le haghaidh seirbhísí slándála bainistithe

Déanfar scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála le haghaidh seirbhísí slándála bainistithe a dhearadh ionas go mbainfear amach ar a laghad na cuspóirí slándála seo a leanas, de réir mar is infheidhme:

(a) go soláthraítear na seirbhísí slándála bainistithe leis an inniúlacht, an saineolas agus an taithí is gá, lena n-áirítear go bhfuil leibhéal leordhóthanach agus iomchuí eolais theicniúil agus inniúlachta sa réimse sonrach, taithí leordhóthanach agus iomchuí, agus an leibhéal is airde ionracais ghairmiúil ag na baill foirne a gcuirtear de chúram orthu na seirbhísí sin a sholáthar;

(b) go bhfuil nósanna imeachta inmheánacha iomchuí i bhfeidhm ag an soláthraí chun a áirithiú go soláthrófar na seirbhísí slándála bainistithe ar leibhéal leordhóthanach agus iomchuí i gcónaí;

(c) maidir le sonraí a bhfaightear rochtain orthu, a stóráiltear, a tharchuirtear nó a phróiseáiltear ar shlí eile i ndáil le soláthar seirbhísí slándála bainistithe, go ndéantar na sonraí sin a chosaint ar rochtain, stóráil, nochtadh, scriosadh nó próiseáil eile a dhéantar de thaisme nó go neamhúdaraithe, nó ar chaillteanas nó ar athrú nó ar easpa infhaighteachta;

(d) go dtugtar infhaighteacht sonraí, seirbhísí agus feidhmeanna, agus rochtain orthu sin, ar ais go tráthúil i gcás ina dtarlaíonn teagmhas fisiciúil nó teicniúil;

(e) nach féidir le daoine, cláir nó meaisíní údaraithe rochtain a fháil ach ar shonraí, seirbhísí agus feidhmeanna ar a bhfuil cearta rochtana acu;

(f) go gcoinnítear taifead ar na sonraí, na seirbhísí nó na feidhmeanna a bhfuarthas rochtain orthu, a úsáideadh nó a próiseáladh ar shlí eile, ar na hamanna a bhfuarthas an rochtain nó a ndearnadh an úsáid nó an phróiseáil agus ar an té a fuair an rochtain nó a rinne an úsáid nó an phróiseáil, agus go bhfuil an taifead sin ar fáil ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar an méid sin;

(g) go bhfuil na táirgí TFC, na seirbhísí TFC agus na próisis TFC a chuirtear in úsáid agus na seirbhísí slándála bainistithe á soláthar slán trí dhearadh agus mar réamhshocrú agus, i gcás inarb infheidhme, go n-áirítear iontu na nuashonruithe slándála is déanaí agus nach bhfuil leochaileachtaí atá aitheanta go poiblí iontu;';

(11) leasaítear Airteagal 52 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Le scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, féadfar ceann amháin nó níos mó de na leibhéil dearbhúcháin seo a leanas a shonrú le haghaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe: "bunúsach", "substaintiúil" nó "ard". Beidh leibhéal an dearbhúcháin i gcomhréir leis an leibhéal riosca a bhaineann leis an úsáid a bheartaítear do tháirge TFC, do sheirbhís TFC, do phróiseas TFC nó do sheirbhís slándála bhainistithe, i dtéarmaí a dhóchúla atá sé go dtarlóidh teagmhas agus i dtéarmaí thionchar an teagmhais.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Na ceanglais slándála a chomhfhreagraíonn do gach leibhéal dearbhúcháin, soláthrófar iad sa scéim Eorpach ábhartha um dheimhniú cibearshlándála, lena n-áirítear na feidhmiúlachtaí slándála comhfhreagracha agus déine agus doimhneacht chomhfhreagrach na meastóireachta atá le déanamh ar an táirge TFC, ar an tseirbhís TFC, ar an bpróiseas TFC nó ar an tseirbhís slándála bhainistithe.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionas mhíreanna 5, 6 agus 7:

'5. Le deimhniú Eorpach cibearshlándála nó ráiteas comhréireachta ón Aontas lena dtagraítear do leibhéal dearbhúcháin "bunúsach", tabharfar dearbhú go gcomhlíontar na ceanglais slándála chomhfhreagracha leis na táirgí TFC, na seirbhísí TFC, na próisis TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe a bhfuil an deimhniú sin nó an ráiteas comhréireachta sin ón Aontas eisithe ina leith, lena n-áirítear feidhmiúlachtaí slándála, agus go ndearnadh meastóireacht orthu ar leibhéal atá beartaithe chun íoslaghdú a dhéanamh ar na rioscaí bunúsacha aitheanta i leith teagmhas agus cibirionsaithe. Áireofar ar na gníomhaíochtaí meastóireachta atá le déanamh, ar a laghad, athbhreithniú ar dhoiciméadacht theicniúil. Nuair nach bhfuil athbhreithniú den sórt sin iomchuí, déanfar gníomhaíochtaí ionadaíocha lena ngabhann éifeacht choibhéiseach.

6. Le deimhniú Eorpach cibearshlándála lena dtagraítear do leibhéal dearbhúcháin "substaintiúil", tabharfar dearbhú go gcomhlíontar na ceanglais slándála chomhfhreagracha leis na táirgí TFC, na seirbhísí TFC, na próisis TFC agus na seirbhísí slándála bainistithe a bhfuil an deimhniú sin eisithe ina leith, lena n-áirítear feidhmiúlachtaí slándála, agus go ndearnadh meastóireacht orthu ar leibhéal atá beartaithe chun íoslaghdú a dhéanamh ar na rioscaí cibearshlándála aitheanta, agus ar an riosca go ndéanfadh gníomhaithe a bhfuil scileanna agus acmhainní teoranta acu teagmhais agus cibirionsaithe. Áireofar ar na gníomhaíochtaí meastóireachta atá le déanamh na nithe seo a leanas ar a laghad: athbhreithniú chun an easpa leochaileachtaí atá aitheanta go poiblí a léiriú agus tástáil chun a léiriú go ndéantar na feidhmiúlachtaí slándála is gá a chur chun feidhme mar is ceart leis na táirgí TFC, na seirbhísí TFC, na próisis TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe. I gcás nach bhfuil aon ghníomhaíochtaí meastóireachta den sórt sin iomchuí, déanfar gníomhaíochtaí ionadaíocha lena ngabhann éifeacht choibhéiseach.

7. Le deimhniú Eorpach cibearshlándála lena dtagraítear do leibhéal dearbhúcháin "ard", tabharfar dearbhú go gcomhlíontar na ceanglais slándála chomhfhreagracha leis na táirgí TFC, na seirbhísí TFC, na próisis TFC agus na seirbhísí slándála bainistithe a bhfuil an deimhniú sin eisithe ina leith, lena n-áirítear feidhmiúlachtaí slándála, agus go ndearnadh meastóireacht orthu ar leibhéal atá beartaithe chun íoslaghdú a dhéanamh ar an riosca go ndéanfadh gníomhaithe a bhfuil scileanna agus acmhainní suntasacha acu cibirionsaithe úrscothacha. Áireofar ar na gníomhaíochtaí meastóireachta atá le déanamh na nithe seo a leanas ar a laghad: athbhreithniú chun easpa leochaileachtaí atá aitheanta go poiblí a léiriú; tástáil chun a léiriú go ndéantar na feidhmiúlachtaí slándála is gá a chur chun feidhme mar is ceart, ar leibhéal na húrscothachta, leis na táirgí TFC, na seirbhísí TFC, na próisis TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe; agus measúnú ar a bhfriotaíocht in aghaidh ionsaitheoirí oilte, trí úsáid a bhaint as tástáil treáite. I gcás nach bhfuil aon ghníomhaíochtaí meastóireachta den sórt sin iomchuí, déanfar gníomhaíochtaí ionadaíocha lena ngabhann éifeacht choibhéiseach.';

(12) in Airteagal 53, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1, 2 agus 3:

‘1. Le scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, féadfar a cheadú go ndéanfaí an féinmheasúnú comhréireachta faoi fhreagracht mhonaróir nó sholáthraí na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe agus faoina bhfreagracht siúd amháin. Ní cheadófar féinmheasúnú comhréireachta ach amháin maidir le táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC nó seirbhísí slándála bainistithe a mbaineann riosca íseal leo a chomhfhreagraíonn do leibhéal dearbhúcháin “bunúsach”.

2. Féadfaidh monaróir nó soláthraí na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe ráiteas comhréireachta ón Aontas a eisiúint ina ndeirtear gur léiríodh gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar amach sa scéim. Trí ráiteas den sórt sin a eisiúint, glacfaidh monaróir nó soláthraí na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe freagracht as comhlíontacht an táirge TFC, na seirbhíse TFC, an phróisis TFC nó na seirbhíse slándála bainistithe leis na ceanglais a leagtar amach sa scéim sin.

3. Déanfaidh monaróir nó soláthraí na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe an ráiteas comhréireachta ón Aontas, an doiciméadacht theicniúil, agus an fhaisnéis ábhartha uile eile a bhaineann le comhréireacht na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe leis an scéim a chur ar fáil don údarás náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála a ainmnítear de bhun Airteagal 58 ar feadh na tréimhse dá bhforáiltear sa scéim Eorpach chomhfhreagrach um dheimhniú cibearshlándála. Cuirfear cóip den ráiteas comhréireachta ón Aontas faoi bhráid an údaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála agus faoi bhráid ENISA.’;

(13) in Airteagal 54, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) ábhar agus raon feidhme na scéime um dheimhniú, lena n-áirítear cineál nó catagóirí na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe a chumhdaítear;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

‘(g) na critéir mheastóireachta shonracha agus na modhanna meastóireachta sonracha atá le húsáid, lena n-áirítear na cineálacha meastóireachta, chun a léiriú go bhfuil na cuspóirí slándála is infheidhme dá dtagraítear in Airteagail 51 agus 51a bainte amach;’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (j):

‘(j) rialacha maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe le ceanglais na ndeimhnithe Eorpacha cibearshlándála nó ceanglais na ráiteas comhréireachta ón Aontas, lena n-áirítear sásraí chun a léiriú go bhfuil na ceanglais shonraithe chibearshlándála á gcomhlíonadh go leanúnach;’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (l):

‘(l) rialacha a bhaineann leis na hiarmhairtí le haghaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe atá deimhnithe nó ar eisíodh ráiteas comhréireachta ón Aontas ina leith, ach nach gcomhlíontar ceanglais na scéime leo;’;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (o):

‘(o) sainaithint a dhéanamh ar scéimeanna náisiúnta nó idirnáisiúnta um dheimhniú cibearshlándála lena gcumhdaítear an cineál céanna nó na catagóirí céanna táirgí TFC, seirbhísí TFC, próiseas TFC nó seirbhísí slándála bainistithe, ar cheanglais slándála, ar chritéir mheastóireachta agus modhanna meastóireachta, agus ar leibhéil dearbhúcháin;’;

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (q):

‘(q) tréimhse infhaighteacht an ráitis comhréireachta ón Aontas, na doiciméadachta teicniúla, agus na faisnéise ábhartha uile eile atá le cur ar fáil ag monaróir nó soláthraí na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe;’;

(14) leasaítear Airteagal 56 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Measfar go gcomhlíontar ceanglais scéime Eorpaí um dheimhniú cibearshlándála arna glacadh de bhun Airteagal 49 le táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe atá deimhnithe faoi scéim den sórt sin’;.

(b) leasaítear mír 3 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Déanfaidh an Coimisiún measúnú go tráthrialta ar éifeachtúlacht agus úsáid na scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála arna nglacadh agus i dtaobh an bhfuil scéim Eorpach shonrach um dheimhniú cibearshlándála le déanamh éigeantach trí dhlí ábhartha de chuid an Aontais chun leibhéal leormhaith cibearshlándála a áirithiú le haghaidh táirgí TFC, le haghaidh seirbhísí TFC, le haghaidh próisis TFC agus, ón 4 Feabhra 2025 le haghaidh seirbhísí slándála bainistithe san Aontas agus chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú. Déanfar an chéad mheasúnú den sórt sin faoin 31 Nollaig 2023, agus déanfar measúnuithe ina dhiaidh sin gach 2 bhliain ar a laghad ina dhiaidh sin. Bunaithe ar thoradh na measúnuithe sin, sainaithneoidh an Coimisiún na táirgí TFC, na seirbhísí TFC, na próisis TFC agus na seirbhísí slándála bainistithe a chumhdaítear le scéim um dheimhniú atá ann cheana agus atá le cumhdach le scéim éigeantach um dheimhniú.';

(ii) leasaítear an tríú fomhír mar a leanas:

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) an tionchar atá ag na bearta ar mhonaróirí nó soláthraithe táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC nó seirbhísí slándála bainistithe den sórt sin a chur san áireamh agus an tionchar atá ag na bearta ar na húsáideoirí a chur san áireamh i dtéarmaí chostas na mbeart sin agus na leasanna sochaíocha nó eacnamaíocha a eascraíonn as an leibhéal feabhsaithe slándála a bhfuil coinne leis i leith na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe a ndírítear orthu;';

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) aon sprioc-am cur chun feidhme, aon bheart idirthréimhseach agus aon tréimhse idirthréimhseach a chur san áireamh, go háirithe maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mbeart ar mhonaróirí nó soláthraithe táirgí TFC, seirbhísí TFC, próiseas TFC nó seirbhísí slándála bainistithe, lena n-áirítear leasanna sonracha agus riachtanais shonracha FBManna, lena n-áirítear micrifhiontair;';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 7 agus 8:

'7. An duine nádúrtha nó dlítheanach a chuireann táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC nó seirbhísí slándála bainistithe isteach le haghaidh deimhniú, cuirfidh an duine sin an fhaisnéis go léir is gá chun an próiseas deimhniúcháin a dhéanamh ar fáil don údarás náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála a ainmnítear de bhun Airteagal 58, i gcás inarb ionann an t-údarás sin agus an comhlacht a eisíonn an deimhniú Eorpach cibearshlándála, nó don chomhlacht um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 60.

8. Cuirfidh sealbhóir deimhnithe Eorpaigh cibearshlándála an t-údarás nó an comhlacht dá dtagraítear i mír 7 ar an eolas faoi aon leochaileachtaí nó neamhrialtachtaí a bhraitear ina dhiaidh sin maidir le slándáil an táirge TFC, na seirbhíse TFC, an phróisis TFC nó na seirbhíse slándála bainistithe atá deimhnithe a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an méid a chomhlíonann sé na ceanglais a bhaineann leis an deimhniú. Cuirfidh an t-údarás nó an comhlacht sin an fhaisnéis sin ar aghaidh gan aon mhoill mhíchuí chuig an údarás náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála lena mbaineann.';

(15) in Airteagal 57, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Gan dochar do mhír 3 den Airteagal seo, scoirfidh scéimeanna náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála, agus na nósanna imeachta gaolmhara le haghaidh na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC agus na seirbhísí slándála bainistithe a chumhdaítear le scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála d'éifeachtaí a bheith acu ón dáta arna bhunú sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 49(7). Scéimeanna náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála agus na nósanna imeachta gaolmhara le haghaidh na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC agus na seirbhísí slándála bainistithe nach gcumhdaítear le scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, leanfaidh na scéimeanna sin de bheith ann.

2. Ní dhéanfaidh na Ballstáit scéimeanna náisiúnta nua um dheimhniú cibearshlándála a thabhairt isteach le haghaidh táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe a chumhdaítear cheana le scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála atá i bhfeidhm.';

(16) leasaítear Airteagal 58 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 7 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

‘(a) maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar rialacha a áirítear i scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála de bhun Airteagal 54(1), pointe (j), maidir leis an bhfaireachán a dhéantar ar chomhlíonadh cheanglais na ndeimhnithe Eorpacha cibearshlándála a eisíodh ar a gcríocha féin le táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe, i gcomhar le húdaráis ábhartha eile um fhaireachas margaidh;

(b) faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí atá ar mhonaróirí nó soláthraithe táirgí TFC, seirbhísí TFC, próiseas TFC nó seirbhísí slándála bainistithe atá bunaithe ar a gcríocha féin agus a chuireann féinmheasúnú comhréireachta i gcrích, agus na hoibleagáidí sin a fhorfheidhmiú, agus, go háirithe, faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí atá ar mhonaróirí nó soláthraithe den sórt sin a leagtar amach in Airteagal 53(2) agus (3) agus sa scéim Eorpach chomhfhreagrach um dheimhniú cibearshlándála, agus na hoibleagáidí sin a fhorfheidhmiú;’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

‘(h) oibriú i gcomhar le húdaráis náisiúnta eile um dheimhniú cibearshlándála nó le húdaráis phoiblí eile, lena n-áirítear trí fhaisnéis a chomhroinnt faoi na cásanna sin ina bhféadfadh sé nach bhfuil ceanglais an Rialacháin seo nó ceanglais na scéimeanna Eorpacha sonracha um dheimhniú cibearshlándála á gcomhlíonadh le táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC nó seirbhísí slándála bainistithe; agus;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

‘9. Oibreoidh údaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála i gcomhar le chéile agus leis an gCoimisiún, go háirithe, trí fhaisnéis, taithí agus dea-chleachtais a mhalartú maidir le deimhniú cibearshlándála agus saincheisteanna teicniúla a bhaineann le cibearshlándáil na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC agus na seirbhísí slándála bainistithe.’;

(17) in Airteagal 59(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

‘(b) na nósanna imeachta chun maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na rialacha maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh deimhnithe Eorpacha cibearshlándála de bhun Airteagal 58(7), pointe (a), le táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe;

(c) na nósanna imeachta chun faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na hoibleagáidí atá ar mhonaróirí nó soláthraithe táirgí TFC, seirbhísí TFC, próiseas TFC nó seirbhísí slándála bainistithe de bhun Airteagal 58(7), pointe (b);’;

(18) in Airteagal 67, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

‘2. Leis an meastóireacht, déanfar measúnú freisin ar thionchar, éifeachtacht agus éifeachtúlacht fhorálacha Theideal III den Rialachán seo, lena n-áirítear na nósanna imeachta as a dtagann glacadh na scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála agus a mbonn fianaise, i dtaca leis na cuspóirí leibhéal leormhaith cibearshlándála a áirithiú do tháirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe san Aontas agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú.

3. Leis an meastóireacht, déanfar measúnú ar cibé an bhfuil gá le ceanglais riachtanacha chibearshlándála i dtaca le rochtain a fháil ar an margadh inmheánach chun cosc a chur ar tháirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC agus seirbhísí slándála bainistithe nach gcomhlíonann ceanglais bhunúsacha chibearshlándála teacht isteach ar an margadh inmheánach.’.

(19) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2024.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
R. METSOLA	BÓKA J.

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/881 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 2 go 5:

'2. Beidh comhlacht um measúnú comhréireachta ina chomhlacht tríú páirtí agus é neamhspleách ar an eagraíocht a ndéanann sé measúnú uirthi nó ar na táirgí TFC, na seirbhísí TFC, na próisis TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe a ndéanann sé measúnú orthu.

3. Féadfar a mheas gur comhlacht um measúnú comhréireachta é comhlacht a bhaineann le comhlachas gnó nó le cónaidhm ghairmiúil a dhéanann ionadaíocht ar ghnóthais a mbíonn baint acu le dearadh, monarú, soláthar, cóimeáil, úsáid nó cothabháil táirgí TFC, seirbhísí TFC, próiseas TFC nó seirbhísí slándála bainistithe a ndéanann sé measúnú orthu, ar choinníoll go léirítear go bhfuil sé neamhspleách agus nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann.

4. Comhlachtaí um measúnú comhréireachta, lucht a n-ardbhainistíochta agus na daoine atá freagrach as na cúraimí um measúnú comhréireachta a dhéanamh, ní bheidh siad ina ndearthóirí, ina monaróirí, ina soláthraithe, ina suiteálaithe, ina gceannaitheoirí, ina n-úinéirí, ina n-úsáideoirí nó ina gcothabhálaithe ar an táirge TFC, ar an tseirbhís TFC, ar an bpróiseas TFC nó ar an tseirbhís slándála bhainistithe a ndéantar measúnú air nó uirthi, ná ní bheidh siad ina n-ionadaithe údaraithe de chuid aon cheann de na páirtithe sin. Ní choiscfear, leis an toirmeasc sin, táirgí TFC a ndéantar measúnú orthu a úsáid a bhfuil gá leo i dtaca le hoibríochtaí an chomhlachta um measúnú comhréireachta nó táirgí TFC den sórt sin a úsáid chun críoch pearsanta.

5. Comhlachtaí um measúnú comhréireachta, lucht a n-ardbhainistíochta agus na daoine atá freagrach as na cúraimí um measúnú comhréireachta a dhéanamh, ní bheidh baint dhíreach acu le dearadh, monarú nó tógáil, soláthar, margú, suiteáil, úsáid nó cothabháil na dtáirgí TFC, na seirbhísí TFC, na bpróiseas TFC nó na seirbhísí slándála bainistithe a ndéantar measúnú orthu, ná ní dhéanfaidh siad ionadaíocht ar pháirtithe a ghabhann de na gníomhaíochtaí sin. Ní ghabhfaidh na comhlachtaí um measúnú comhréireachta, lucht a n-ardbhainistíochta agus na daoine atá freagrach as na cúraimí um measúnú comhréireachta a dhéanamh d'aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh teacht salach ar neamhspleáchas a mbreithiúnais ná a n-ionracais i ndáil lena ngníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta. Beidh feidhm ag an toirmeasc sin, go háirithe, maidir le seirbhísí comhairleoireachta.';

(2) leasaítear pointe 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

'10. Le haghaidh gach nós imeachta um measúnú comhréireachta agus le haghaidh gach cineáil, catagóire agus fochatagóire táirgí TFC, seirbhísí TFC, próiseas TFC nó seirbhísí slándála bainistithe, beidh na nithe seo a leanas ar fáil do chomhlacht um measúnú comhréireachta i gcónaí:';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) nósanna imeachta chun gníomhaíochtaí a dhéanamh a chuireann san áireamh go cuí méid an ghnóthais, an earnáil ina bhfuil sé ag oibriú, a struchtúr, an méid castachta a bhaineann le teicneolaíocht an táirge TFC, na seirbhíse TFC, an phróisis TFC nó na seirbhíse slándála bainistithe atá i gceist agus cineál an phróisis táirgthe, is é sin, cé acu olltáirgeadh nó táirgeadh sraithe atá ann.';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 19 agus 20:

'19. Comhlíonfaidh na comhlachtaí um measúnú comhréireachta ceanglais an chaighdeáin chomhchuibhithe ábhartha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (9), de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 le haghaidh creidiúnú comhlachtaí um measúnú comhréireachta a dhéanann táirgí TFC, seirbhísí TFC, próisis TFC nó seirbhísí slándála bainistithe a dheimhniú.

20. Áiritheoidh na comhlachtaí um measúnú comhréireachta go gcomhlíonfaidh na saotharlanna tástála a úsáidtear chun críoch measúnaithe comhréireachta ceanglais an chaighdeáin chomhchuibhithe ábhartha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (9), de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 le haghaidh creidiúnú saotharlann a dhéanann tástáil.'.

Rinneadh ráiteas maidir leis an ngníomh seo agus is féidir teacht air in [tá IO leis an méid seo a leanas a sholáthar: IO C, C/2025/307, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/307/oj.